Féach ar an ríomhphost seo i do bhrabhsálaí



*Comhairle Geopháirce Domhanda UNESCO i seisiún i Maracó*

# Geopháirc DSLI céim níos gaire do stádas Geopháirce Domhanda UNESCO

## Nuacht dhearfach ag éirí as an measúnú

Rinne meastóirí Geopháirc UNESCO turas domhain ar Geopháirc Dhúiche Sheoigheach agus Lochanna an Iarthair le linn mhí Iúil 2023. Pléadh a dtuarascáil ar an misean meastóireachta ag cruinniú Chomhairle Geopháirce Domhanda UNESCO i Maracó i mí Mheán Fómhair, agus d'fhéadfadh trí thoradh a bheith ar an méid: diúltú, iarchur, nó glacadh mar Gheopháirc Dhomhanda UNESCO. Fuair Geopháirc DSLI iarchur, rud atá coitianta d'iarratasóirí ar an gcéad iarracht. Leis sin tugtar an Gheopháirc céim amháin níos gaire agus leagann sé amach bealach soiléir chun stádas UNESCO a bhaint amach.

Bhí go leor torthaí dearfacha i dtuarascáil na meastóirí. Liostaigh siad roinnt moltaí freisin. Is iad seo a leanas na príomhábhair nach mór aghaidh a thabhairt orthu: infheictheacht/comharthaíocht a fheabhsú; clár oideachais níos straitéisí a fhorbairt do mhuintir na háite agus do chuairteoirí; bonn cistiúcháin níos láidre a chinntiú; tuilleadh forbartha a dhéanamh ar líonraí pobal, gnó agus oideachais, agus naisc mhéadaithe leis an Líonra Domhanda Geopháirceanna (tá thart ar 200 ar fud an domhain anois). Tá an Gheopháirc muiníneach go dtuairisceofar ar na pointí sin do UNESCO i samhradh 2024, agus go nglacfar léi i mí Mheán Fómhair mar Gheopháirc Dhomhanda UNESCO. Ní gá do na measúnóirí cuairt a thabhairt arís.

Faigh an scéala is déanaí ó shuíomh gréasáin na geopháirce www.joycecountrygeoparkproject.ie agus ar na meáin shoisialta / facebook Twitter agus Instagram @JCWLGeopark



*Geolaí na Geopháirce Benjamin Thébaudeau le grúpa mac léinn DCU*

## Clár oideachais geopháirce atá dírithe ar réimse úsáideoirí

Ó 2020 i leith go háirithe, tá Geopháirc DSLI gníomhach maidir le tacaíochtaí faisnéise agus oideachais a sholáthar do réimse páirtithe leasmhara geopháirce — pobail áitiúla, gnólachtaí, scoileanna agus institiúidí. Tá tús curtha cheana féin le hobair ar an gcur chuige maidir le ‘clár oideachais’ níos straitéisí a chumadh, agus leas á bhaint as smaointe agus aiseolas ó pháirtithe leasmhara. Is mór againn an méid a chuir sibh leis an gcreat seo. Tuilleadh eolais le linn na chéadchoda de 2024.

---

## Bonn cistiúcháin a fháil d’fhorbairt agus d’oibríochtaí Geopháirc DSLI

Is riachtanas é bonn cistiúcháin slán le haghaidh Geopháirc Dhomhanda UNESCO a fheidhmíonn go maith. Tá bunchistiúchán san áireamh sa chomhaontú Geopháirce le Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann, Údarás na Gaeltachta, Comhairle Chontae Mhaigh Eo agus Comhairle Chontae na Gaillimhe. Tá gníomhaireachtaí stáit eile a chuireann le tionscnaimh ar leith, Fáilte Éireann san áireamh. Tá cistiúchán láidir ag teacht freisin ón ngrúpa ionadaíoch trasphobail GeoTreallús DSLI (JCWL GeoEnterprise) trí ranníocaíochtaí daonchairdiúla. Tá tionscadail áitiúla, náisiúnta agus tionscadail de chuid an Aontais ar fáil freisin, le haghaidh gníomhaíochtaí sonracha den chuid is mó. Tá sé mar aidhm ag an nGeopháirc freisin cabhrú leis na pobail agus na fiontair foinsí oiriúnacha cistiúcháin a aithint agus rochtain a fháil orthu.

---



*Sinéad McAleavey, scéalaí ó Mhúrna faoi lánseol*

# Geopháirceanna thuaidh agus theas á dtabhairt níos gaire dá chéile le cuairteanna Thionscnamh an Oileáin Chomhroinnte

## Ár gcomhpháirtithe nua ó Mourne Gullion Stangford Geopark

Le déanaí, thug Geopháirc DSLI agus a chuid pobal i dtuaisceart Chontae na Gaillimhe agus in iardheisceart Chontae Mhaigh Eo óstaíocht d’ionadaithe ó Gheopháirc Dhomhanda UNESCO Mhúrn Chuilleann Loch Cuan (UGG Mourne Gullion Strangford). Bhí stadanna i seacht gcinn de na 20 pobal atá i nGeopháirc DSLI mar chuid den chuairt ar an 21-22 Samhain. Tá tacaíocht airgeadais ag an tionscnamh seo ó Chiste na Sochaí Sibhialta um Oileán Comhroinnte (An Roinn Gnóthaí Eachtracha). Tugann sé pobail ar an taobh thuas agus theas den teorainn níos gaire dá chéile, chun smaointe a mhalartú agus chun comhoibriú ar fhorbairt pobail, gnó agus foghlama a neartú sna geopháirceanna. Thug 13 dhuine cuairt chómhalartach ó phobail atá i nGeopháirc DSLI i mí Dheireadh Fómhair. I measc na samplaí den phoitéinseal pobail agus gnó a bhí le fáil ar an dá chuairt bhí tionscnaimh oidhreachta áitiúla, scéalaíocht, bothán na bhfear/Chalet na mBan, páirceanna taitneamhachta, gníomhaíochtaí caomhantais agus go leor eile. Cuirfear deireadh leis an tionscadal in earrach 2024 le malartuithe gnó idir an dá gheopháirc.



*Foireann iomlán tionscadail sa Gheopháirc Sunnhordland*

# Tionscadal nua de chuid an AE le léargas a thabhairt ar oideachas amuigh faoin aer do chách

## Ag obair le chéile ar fud na hEorpa

Cuireadh tús le tionscadal Erasmus+, arb é an tAontas Eorpach a chistigh agus ar comhpháirtí de chuid Gheopháirc DSLI atá ann, i nGeopháirc Sunnhordland na hIorua i mí Dheireadh Fómhair 2023. Is é is aidhm don tionscadal atá dírithe ar oideachas feabhas a chur ar an gcumas teagaisc agus foghlama laistigh de na heagraíochtaí comhpháirtíochta agus d'úsáideoirí geopháirceanna. I measc na gcúig chomhpháirtí tá dhá ollscoil oilte múinteoirí san Iorua (ceann amháin i gceannas), agus ceithre gheopháirc — ceann ón Iorua, ón Iodáil, ón Rómáin agus Geopháirc DSLI. Leanfaidh an tionscadal ar aghaidh ar feadh 36 mhí, agus déanfaidh sé acmhainní digiteacha a fhorbairt ag roinnt geoshuíomh sna 4 gheopháirc chomh maith treoirlínte ginearálta maidir le turais. I mbeagán focal, tá sé mar aidhm aige foghlaim nuálach a spreagadh trí shaineolas na ngeopháirceanna a chomhcheangal le teagasc a bhfuil taithí taobh thiar de.

---



*Ceann de na híomhánna Geopháirc DSLI atá ar fáil anois ar Discover Ireland*

# Tá Geopháirc DSLI ar liosta Discover Ireland anois

### An tábhacht a bhaineann le bheith le feiceáil

Is é Fáilte Éireann ár ngníomhaireacht turasóireachta náisiúnta agus ceann de chomhpháirtithe Thionscadal Geopháirc Dhúiche Sheoigheach agus Lochanna an Iarthair. Trína dtreoir, agus go háirithe trí dhlúth-chomhoibriú le foireann Shlí an Atlantaigh Fhiáin i nGaillimh agus i Maigh Eo, déanfar forbairt níos mó ar an nGeopháirc mar cheann scríbe turasóireachta atá ag teacht chun cinn sa réigiún. Príomhacmhainn is ea clárú na Geopháirce ar liosta Discover Ireland. Is é seo an t-ardán a úsáidtear chun taispeántas a dhéanamh don domhan mór agus tá sé ar fáil i dteangacha éagsúla. Ina theannta sin, cuireadh gach cuid den ghrianghrafadóireacht ghairmiúil a coimisiúnaíodh le haghaidh shuíomh gréasáin na Geopháirce le bunachar inneachair Thurasóireacht Éireann lena húsáid ag duine ar bith ar thaistealóga nó ar ailt fógraíochta. Feabhsaíonn sé sin infheictheacht na ngnólachtaí uile inár liosta reatha agus is pointe fócasach é dár gcomhpháirtithe uile chun tagairt a dhéanamh dóibh.

---




*Ceann de na painéil ar chonair Mhám Éan*

# Is ann do gheochonair Mhám Éan anois

### Déan ceiliúradh ar na naisc atá againn ar fud na farraige...

B’fhéidir go gcuimhneodh sibh ó nuachtlitir roimhe seo gur suiteáladh trí phainéal eolais a bheidh mar gheochonair ar chuid Mhám Éan de Bhealach an Iarthair. Tá an chuid sin thart ar 3 km ar a fhad agus nascann sí Gleann an Mháma agus Dúiche Sheoigeach le Gleann Eidhneach agus Conamara thar Shléibhte Mhám Toirc. Tugann sí deis freisin féachaint ghrinn a fháil ar na carraigeacha is sine i réigiún na Geopháirce (carraigeacha meiteamorfacha Réamh-Chaimbriacha > 700 milliún bliain) a bhfuil naisc láidre acu le carraigeacha ar an taobh eile den Atlantach. Tá an geochonair in situ anois agus feidhmíonn sé mar phointe fócasach chun Bealach an Iarthair ar fad a ionchorprú laistigh den Chonair Idirnáisiúnta Apaláiseach www.iat-sia.org. Is é grúpaí ionadaíoch na bpobal Geopháirc GeoTreallús DSLI (JCWL GeoEnterprise) atá freagrach as an tionscadal seo agus is mian leis

buíochas a ghabháil le Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann as an gcistiúchán chomh maith le Fóram Chonamara (an tOifigeach Áineasa Tuaithe), an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus pobail áitiúla na Sraith Salaí agus an Mhháma as a gcabhair agus a gcomhoibriú. Seolfar geobheolach Mhám Éan go luath in 2024 (dáta agus ionad le deimhniú) agus beidh siúlóid ann tríd an seanmhám chomh maith le ceiliúradh ar ár naisc le Meiriceá Thuaidh agus le réigiún an Atlantaigh Thuaidh ar fad.

---


Connaught Telegraph

Positive news from UNESCO on south Mayo geopark project


Tuam Herald

Geopark's hidden colours show different map of where we live


Western Lakes move closer to UNESCO Global Geopark status

*Míreanna nuachta in Connaught Telegraph, Tuam Herald agus Connacht Tribune*

## Poiblíocht/na meáin áitiúla

### Roinnt torainn a dhéanamh

Ní mór do na Geopháirceanna an focal a scaipeadh go bhfuil siad ann Is beag is fiú a bheith ar an rún is fearr atá amuigh. Ní eisceacht é Geopháirc DSLI. Beidh sé tugtha faoi deara agaibhse a mbíonn súil nó cluas ghéar agaibh ar na meáin go bhfuil méadú tagtha ar an gclúdach atáthar a dhéanamh ar an nGeopháirc sna meáin le roinnt míonna anuas. I measc na nuachtán áitiúil ina bhfoilsítear scéalta faoi Gheopháirc DSLI, tá Connacht Tribune, Tuam Herald, Connaught Telegraph, Mayo News, Western People, Maigh Eo agus Galway Advertisers. I measc na gcraoltóirí tá Midwest Radio, Galway Bay FM, Connemara FM, Radio na Gaeltachta agus TG4. Is mór againn an clúdach go léir. Dóibh siúd agaibh sa saol digiteach, coinnigh cluas agus súil amach ar facebook, twitter/X agus Instagram, lena n-áirítear tionchairí éagsúla atá ann @JCWLGeopark.

---


*Ócáid líonraithe turasóireachta Mhaigh Eo*

## Ócáid líonraithe turasóireachta Mhaigh Eo go luath i mí na Nollag

### Ócáid ar a raibh freastal maith in Óstán Breaffy House

D’fhreastail beagnach 100 eagraíocht turasóireachta agus soláthróir seirbhíse eile ar ócáid líonraithe turasóireachta Mhaigh Eo ar an 7 Nollaig. Is deis ar leith í an ócáid bhliantúil seo anois do sholáthróirí lóistín, do dhíol spéiseanna agus d’eispéiris cuairteoirí chun bualadh le chéile, níos mó a fhoghlaim faoi na deiseanna atá ar fáil i Maigh Eo ó thaobh taithí de agus comhoibriú níos fearr a spreagadh ar fud an chontae. Éiríonn go maith leis an gcóras clárúcháin réamhócáide, is córas é a ligeann do rannpháirtithe suas le 12 chruinniú duine le duine a sceidealú roimh ré le comhghleacaithe sa tionscal ar an lá. Fáilte Éireann, Údarás na Gealtachta, Comhairle Contae Mhaigh Eo, Bord Iascaigh Mhara, Comhlacht Forbartha Iardheisceart Mhaigh Eo agus an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Ar na comhlachtaí poiblí a bhí ann ar an lá freisin bhí: Fáilte Éireann, Údarás na Gealtachta, Comhairle Contae Mhaigh Eo, Bord Iascaigh Mhara, Comhlacht Forbartha Iardheisceart Mhaigh Eo agus an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Bhí Geopháirc DSLI ábalta roinnt cruinnithe a chur ar bun ann, an scéal á scaipeadh acu faoi cad atá le feiceáil, le déanamh agus le taithí a fháil leis sa réigiún iontach seo. Ba é an saineolaí taistil, scríbhneoir agus eagarthóir turasóireachta san Irish Independent Pól Ó Conghaile a bhí ina aoichainteoir ann, é ag tabhairt léargas úr ar shaol an taistil agus an fháilteachais.

---

# Súil ar...

## … deiseanna cistiúcháin do phobail

D’fhéadfadh na glaonna cistiúcháin seo a bheith ina n-ábhar spéise do bhur bpobail.

- Ciste an Phobail um Ghníomhú ar son na hAeráide: Snáithe 1:Pobail Ísealcharbóin a Thógáil, comhpháirtí pobail de chuid na Comhairle Contae maidir le tionscadail a bhfuil tionchar díreach acu ar ghníomhú ar son na haeráide. Snáithe 1A: Cuireann Gníomhú Aeráide Pobail an Oileáin Chomhroinnte ar chumas pobal tionscadal trasteorann a chur i gcrích i gcomhpháirtíocht le pobal i dTuaisceart Éireann. Dúnfar iarratais ar chiste Chontae Mhaigh Eo Dé hAoine an 23 Feabhra 2024. Dúnfar iarratais ar chiste Chontae na Gaillimhe Déardaoin an 29 Feabhra 2024.
- Ciste Tacaíochta Eagraíochtaí Oidhreachta. Cuireann ‘Ciste Tacaíochta Eagraíochtaí Oidhreachta’ de chuid na Comhairle Oidhreachta tacaíocht chistiúcháin ar fáil do phríomhchostais eagraíochtaí neamhbhrabúsacha atá ag obair san earnáil oidhreachta, suas le €60,000 ar a mhéad. An dáta deiridh le haghaidh iarratais, 15 Eanáir 2024.
- Coimisiún Forbartha an Iarthair & Iasachtaí Pobail. Cuireann Coimisiún Forbartha an Iarthair Iasachtaí Idirlinne ar fáil do Thionscadail LEADER amháin, agus cuireann sé Iasachtaí Téarma ar fáil le haghaidh cineálacha éagsúla Tionscadal faoi stiúir an Phobail, amhail Cúram Leanaí/Cúram Pobail, Spórt, Ionaid Acmhainne Teaghlaigh, Ealaíona & Oidhreacht, Bailte Slachtmhara, Oideachas Pobail, agus Tionscadail Timpeallachta Pobail. Is é an aidhm atá ann ná pobail a spreagadh agus tacú leo chun tabhairt faoi Thionscadail Ghlasa Téamacha, lena n-áirítear Gairdíní Pobail, Bailte Slachtmhara, Bonneagar Glas, Cláir Laghdaithe Dramhaíola agus Athchúrsála, Tionscadail Éifeachtúlachta Fuinnimh, Tionscnaimh Fuinnimh Ghlais, Caomhnú Pobalbhunaithe, agus Tionscadail um Fhoirgníocht Ghlas. cuir ríomhphost chuig - annegraham@wdc.ie

- Cistiúchán Shéid na bhFear — foirm iarratais. Cuirfear deontais suas le €3,000 ar fáil do 435 Séid na bhFear ar fud na tíre. Tá an cistiúchán ceaptha chun cabhrú lena gcostais reatha ar nós a mbillí téimh, fóntais leictreachais agus árachais.



## Beannachtaí na Nollag agus na hAthbhliana

Tá na blianta ag imeacht leo. Cá ndeachaigh an bhliain a bhí i mbliana ann? Bliain mhór a bhí ann chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo stádas Geopháirce Domhanda UNESCO. Tá súil againn gur bliain mhór gheal a bhí ann daoibhse, ár lucht leanúna agus ár léitheoirí freisin. Míle buíochas leis an iliomad ranníocóirí agus tacadóirí Geopháirce, go háirithe i gceantar Gheopháirc Dhúiche Sheoigheach agus Lochanna an Iarthair. Oraibhse, ar bhur dteaghlaigh, ar bhur gcairde, ar bhur bpobail agus ar bhur ngnólachtaí, guímid oraibh go léir Nollaig a bheidh sábháilte agus an-taitneamhach, agus guímid 2024 an-sona agus rathúil oraibh.

TIONSCADAL GEOPHÁIRC
Dhúiche Sheoigheach & Lochanna an Iarthair
JOYCE COUNTRY & WESTERN LAKES GEOPARK PROJECT

**Geopháirc Dhúiche Sheoigheach agus Lochanna an Iarthair**
Halla Thuar Mhic Éadaigh, F12D990, Tuar Mhic Éadaigh
F: (+353) 094 9000245
R: info@jcwlgeopark.ie

Seoladh an ríomhphost seo chuig {{contact.EMAIL}}
Tá sé faighte agaibh toisc gur liostáil sibh lenár liosta postála.

Amharc sa bhrabhsálaí | Díliostáil

Sent with Brevo